

Seasamh na Mná Galánta

Ciara Ní É

Tar éis tamaill de chomhrá le bean bhreá
atá ag moladh mo chuidse filíochta,
ag seoladh irise, deirim léi
go scríobhaim i nGaeilge chomh maith

Feicim scamail ina súile
agus is cuma faoina freagra cáiréiseach
cloisim a tuairim go glé, dar léi
go bhfuil mé os cionn a leithéid

Níos déanaí
nuair a shánn a fear céile a lámh thais i mo bhos
is ligeann uaidh gnúsacht mar bheannacht
déanaim lán mo shúl a bhaint as
agus cuimhním gur minic don ghrá a bheith dall

Éan Corr

Ciara Ní É

“Sciorrann éan as gach ealta”

Sin mo fhreagra seasta

Ar ionadh rialta na ndaoine a fhoghlamaíonn

Nár tógadh le Gaeilge mé

Nár fhreastail mé ar Gaelscoil

Ná nár sheinn mé oiread is ríl amháin riamh i mo shaol

Nach ann do na buntáistí breise sin i mo chúlra

A mhíneodh dóibh mo dhúil sa Ghaeilge

An cheist a leanann ná

“Cén fáth Gaeilge?”

Ní ann d’aon chúis amháin

Tosach néata an scéil níl le fáil

Is iomaí cor sa tsaol

Imíonn an t-am ar rothaí

Sroichchtear ceannscríbe

“Cén fáth?”

Míle mionrogha dofheicthe is dócha

i measc rírá na mílliún rogha eile

a choinníonn an rotha mór seo ag bogadh

Sin a thug anseo anocht mé

Sa riocht seo: file Gaeilge os bhur gcomhair

Ag cogaint na ceiste

“Cén fáth?”

Gabh mo leithscéal gan leithscéal glan

a bhronnadh oraibh

Seo ceist, mar fhreagra

An bhfuil sibhse ag fiafraí díom

faoi mo chuid Gaeilge

Nó faoi bhur n-easpa?

Leithscéalta

Ciara Ní É

Deirtear

“Ba bhreá linn an Ghaeilge a labhairt ach...”

Cuirtear an locht ar dhrochmhúinteoirí

An Modh Coinníollach, an Tuiseal Ginideach

Mar sin fhéin, na daoine céanna,

Déanann siad iarracht lena gcuid páistí

Seoltar iad chuig Ghaelcholáistí

Agus tar éis na mblianta

fágann siadsan an scoil líofa

Ag rá

“Ba bhreá linn an Ghaeilge a labhairt ach...”

Cuirtear an locht ar easpa deiseanna, easpa tuisceana, easpa úsáide

Mar sin fhéin, bí cinnte, sa chéad daonáireamh eile

Go mbeidh na milliún ag maíomh

Go n-úsáideann siad an Ghaeilge go rialta

Cur i gcéill náisiúnta!

Bréag, a léiríonn an fhírinne...?

“Gur bhreá linn an Ghaeilge a labhairt... ”

i ndáiríre...